museum
National Museum of Ireland
Ard-Mhúsaem na hÉireann

# Cúntóir Oideachais – Áirithintí agus Eolas

## (Leibhéal an Oifigigh Chléireachais)

## Conradh Sainchuspóra

Tá Ard-Mhúsaem na hÉireann ag lorg iarratas ó iarrthóirí oiriúnacha chun post mar **Chúntóir Oideachais -- Áirithintí agus Eolas** a líonadh in Ard-Mhúsaem na hÉireann – Ealaíona Maisiúla & Stair, Dún Uí Choileáin, Sráid na Binne Boirbe, Baile Átha Cliath 7. Is Conradh Sainchuspóra 42 Seachtaine (Clúdach Saoire Máithreachais).

**Cur Síos Gonta ar an bPost**:

Beidh an sealbhóir sealadach phoist freagrach as áirithintí ag láithreáin Bhaile Átha Cliath a riaradh agus a chomhordú, as fiosrúcháin ghrúpa a bhainistiú agus as cuairteanna ar na láithreáin a chur in áirithe trí Chóras Áirithintí an Mhúsaeim. Beidh sé / sí mar phríomhtheagmhálaí le haghaidh fiosrúcháin a bhaineann le hoideachas agus cuirfidh sé seirbhís faisnéise agus comhairle ar fáil don raon leathan cuairteoirí ionchasacha lena n-áirítear bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, coláistí tríú leibhéal agus breisoideachais, grúpaí pobail agus oibreoirí turas, maidir le cláir agus seirbhísí foghlama ar an láthair agus ar líne a thairgeann an Roinn Oideachais ag láithreáin an Mhúsaeim i mBaile Átha Cliath. Beidh sé / sí freagrach as riarachán agus bainistíocht laethúil Painéal na dTreoraithe Neamhspleácha atá lonnaithe ag Dún Uí Choileáin.

**TREORACHA CHUN IARRATAS A DHÉANAMH**

Íoslódáil foirm iarratais agus doiciméid eile ó https://www.museum.ie/en-IE/About/Careers/Vacancies

Iarrtar ar iarratasóirí foirm iarratais a líonadh isteach agus CV suas chun dáta agus litir chlúdaigh a chur isteach leis. Caithfear gach ceist ar an bhfoirm iarratais a fhreagairt agus iad a chlóscríobh. Ní ghlacfar le hiarratais lámhscríofa.

Iarraimid ort **gach ceann de na trí dhoiciméad a chomhcheangal agus a chur isteach i bhfoirm PDF amháin** Mura ndéantar, féachfar air mar iarratas neamhiomlán agus ní chuirfear san áireamh é.

Tosaigh an próiseas iarratais ar leathanach Vacancies.

**Céimeanna chun Iarratas a Dhéanamh:**

- Gabh chuig an leathanach Vacancies agus roghnaigh an post ar mian leat cur isteach air.
- Léigh sonraí iomlána an phoist sa Leabhrán Eolais.
- Feicfidh tú na doiciméid atá riachtanach do d'iarratas i bhfoirm nasc ar an leathanach seo.
- Cliceáil gach doiciméad agus osclóidh sé i bhfuinneog nua. Déan gach doiciméad a íoslódáil/a shábháil ar do ríomhaire/ar do ghléas.
- Líon isteach na doiciméid riachtanacha, agus déan PDF amháin de na doiciméid, do CV agus do litir chumhdaigh.
- Agus é sin déanta, fill ar shuíomh gréasáin an NMI agus críochnaigh an próiseas iarratais.
- Arís, ón leathanach Vacancies roghnaigh an post is mian leat cur isteach air.
- Cliceáil an cnaipe Apply Now
- Líon isteach an fhoirm
- Uaslódáil do PDF aonair ceangailte

Iarrtar ort **seoladh riomhphoist bailí monatóirithe** a thabhairt ar an bhfoirm iarratais. Úsáidfear an seoladh chun fáil an iarratais a admháil leat agus mar an príomhfhoirm teagmhála a bheidh againn le hiarratasóirí.

Ní mór d'iarratasóirí aird a thabhairt ar an dáta agus ar an am deiridh, a chuirfear i bhfeidhm gan eisceacht.

**Spriocdháta na nIarratas**

# Ní mór iarratais a bheith faighte ar 17:00 tráthnóna Dé hAoine, 29 Eanáir 2021